Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2022
(OR. en)

10742/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0218(COD)**

**ENER 342**
**CLIMA 327**
**CONSOM 171**
**TRANS 453**
**AGRI 298**
**IND 263**
**ENV 678**
**COMPET 550**
**FORETS 56**
**CODEC 1035**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10746/22 +ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle<br>- Ráiteas ón Spáinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo ráiteas ón Spáinn i ndáil leis an gcur chuige ginearálta maidir le hAthbhreithniú ar an Treoir maidir le fuinneamh inathnuaite, mar a leagtar amach in 10488/22 é, agus a pléadh ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ag an 3886ú cruinniú a bhí aici an 27 Meitheamh 2022.

**IARSCRÍBHINN**

## RÁITEAS LE HAGHAIDH NA MIONTUAIRISCÍ

## I nDÁIL LE CUR CHUIGE GINEARÁLTA NA TREORACH MAIDIR LE FUINNEAMH INATHNUAITE

## MUIRIOMPAR

## AN CHOMHAIRLE FUINNIMH, LUCSAMBURG, AN 27 MEITHEAMH 2022

Cuireann an Spáinn i dtreis a thábhachtaí atá an comhartha láidir polaitiúil arna thabhairt le glacadh chur chuige ginearálta na Comhairle maidir leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite faoi Uachtaránacht na Fraince. Is céim thábhachtach é sin i dtreo spriocanna agus ghealltanais uaillmhianacha aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach, agus dlús a chur leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú ag an am céanna.

Is díol sásaimh don Spáinn comhartha soiléir gur cheart dlús a chur le dícharbónú an mhuiriompair, lena n-áirítear buncaeireacht mhuirí idirnáisiúnta. Mar sin féin, ba cheart a áirithiú leis an bpróiseas sin go mbeidh sé comhleanúnach le prionsabail ríthábhachtacha an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’: sceitheadh carbóin a sheachaint, dífhoraoisiú a chomhrac agus slándáil bia a sheachadadh.

I ndáil leis an méid sin, is oth leis an Spáinn ábhar aithris 29a agus Airteagal 27.1b sa téacs maidir leis an bhfuinneamh a ídítear sa mhuiriompar, lena n-áirítear buncaeireacht idirnáisiúnta, a bhreithniú chun an sprioc maidir le fuinneamh in-athnuaite in earnáil an iompair a ríomh. Dá leathnófaí raon feidhme na sprice cainníochtúla sin chuig an muiriompar, is dócha go mbeidh éifeachtaí iarmharta míchuibhiúla ann nach ndearnadh measúnú leordhóthanach orthu.

Is dúshlán é an buncaeireacht mhuirí idirnáisiúnta a dhícharbónú do gheilleagair an Aontais mar gheall ar an ardriosca sceite carbóin in earnáil atá faoi réir dianiomaíocht le tríú tíortha. Ina theannta sin, bheadh lear ollmhór bithbhreoslaí, go háirithe bithbhreoslaí den chéad ghlúin neamh-inbhuanaithe, ag teastáil chun breoslaí a athrú go tapa faoi 2030, rud a bhainfeadh an bonn ó na hiarrachtaí a rinneadh ar leibhéal an Aontais i gcoinne dífhoraoisiú allmhairithe agus athrú indíreach ar úsáid talún, agus a mbeadh tionchar diúltach ar an gcomhshaol agus riosca méadaitheach maidir leis an tslándáil bia mar thoradh air.

Leanfaidh an Spáinn den obair chun go bhfreastalófar ar na hábhair imní sin sa téacs ar bhealach spriocdhírithe sna cruinnithe tríthaobhacha atá ar na bacáin le Parlaimint na hEorpa. Thairis sin, iarrann an Spáinn ar Uachtaránacht na Comhairle a áirithiú go mbeidh an téacs deiridh go hiomlán comhsheasmhach le prionsabail an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ ar a leagtar béim thuas.